**M88**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ | | **Iomlán na Marcanna** | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**ROINN I – LÉAMHTHUISCINT** **(150 marc)**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.** **(40 marc)**

1\.
Ag Teastáil
**Meicneoir Oilte**
Garáiste Uí Néill

2\.
**Comórtas Lúthchleasaíochta**
100m, 200m, 800m, 1,500m
**Páirc An Choláiste**

3\.
Feighlí Linbh/Páistí Óga
Ar fáil
Glaoigh ar Úna 086-568241

4\.
**Ar Cíos**
**Teach Samhraidh Cois Trá**
€300 Mí Lúnasa

5\.
**Scoil Eoin**
Ranganna Adhmadóireachta
**Do Dhaoine Fásta**
Fón: 022-35671

6\.
**Folúntas**
**Do Mhúinteoir Fraincise**
Scoil na gCailíní
Fón: 075-25689


7\.
**Ranganna Seoltóireachta**
**Cuan na Gaillimhe**
**Gach Satharn 10.00 - 12.00**

8\.
Iománaíocht
*An tAonach v Cluain Meala*
5 Lúnasa 3.30 p.m.

9\.
**Bí ag Snámh**
Ranganna do Pháistí
Luan agus Máirt 4.00 p.m.

10\.
**Sladmhargadh**
*Ollstór Éadaigh Uí Dhuinn*
Dé Sathairn 10.00 a.m.

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |



**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

Iarnród Éireann

Oifig An Rúnaí
Baile Átha Cliath 1

23 Feabhra 2003

Síle Ní Ruairc
12 Bóthar Loch Garman
Ceatharlach.

A Shíle, a chara,

Go raibh maith agat faoi do litir den 7ú lá agus an chóip de do C.V. a bhí istigh léi.

Feicim go bhfuair tú torthaí maithe i scrúdú na hArdteistiméireachta anuraidh. Fuair tú grád B sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic. D'éirigh leat grád C a fháil sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht. Ina theannta sin fuair tú grád A san Innealtóireacht san Ardteistiméireacht cé nach bhfuair tú ach grád C ann sa Teastas Sóisearach.

Tá tú ag obair mar phrintíseach i monarcha faoi láthair ach ba mhaith leat a bheith i do thiománaí traenach le hIarnród Éireann.

Ní gá duit ach an fhoirm iarratais a líonadh agus a chur chugam roimh an 31ú Márta. Beidh scrúdú iontrála ar siúl i mí Iúil agus beidh agallaimh ar siúl i mí Lúnasa. Má éiríonn leat beidh cúrsa traenála le déanamh agat ansin.

Is mise
*Seoirse Ó Dúill*
(Oifigeach Pearsanra)

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil Síle ina cónaí?

| | |
|---|---|
| i mBaile Átha Cliath | |
| i Loch Garman | |
| i gCeatharlach | |

**2.** Cén dáta ar scríobh Síle a litir?

| | |
|---|---|
| 7 Feabhra | |
| 23 Feabhra | |
| 31 Márta | |

**3.** Cén grád a fuair Síle san Innealtóireacht san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |


**4.** Cén post atá ag Síle faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Rúnaí | |
| Tiománaí Traenach | |
| Printíseach | |

**5.** Cad a bheidh ar siúl i mí Iúil?

| | |
|---|---|
| Cúrsa Traenála | |
| Agallaimh | |
| Scrúdú Iontrála | |

**(b)** Léigh **an Bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)



# SAOIRE i gCIARRAÍ?

Fan linne in

## Ionad Saoire an Chnoic

An Daingean Co. Chiarraí



Suite ar imeall na Gaeltachta tá an t-ionad saoire seo atá oiriúnach don chlann ar fad. Tá fiche árasán san ionad agus trí sheomra codlata i ngach arásán. Tá teilifíseán sa seomra suí agus gach áis chócaireachta sa chistin.

Osclófar linn snámha nua i mbliana agus cheana féin tá iascaireacht, siúlóid sléibhe, cúrsa gailf agus imeachtaí speisialta ann do na páistí. Bíonn an-tóir ar na ranganna seit a bhíonn ar siúl againn san oíche.

Más mian leat saoire den scoth don chlann ar fad a bheith agat linn, cuir glaoch orainn ag 066-322233

Ar oscailt ó 1 Bealtaine go dtí 30 Meán Fomhair.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén contae ina bhfuil Ionad Saoire an Chnoic?

| | |
|---|---|
| Co. Chiarraí | |
| Co. Dhún na nGall | |
| Co. na Gaillimhe | |

**2.** Cé mhéad árasán atá san Ionad Saoire seo?

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 3 | |
| 20 | |

**3.** Cad atá i ngach seomra suí?

| | |
|---|---|
| Gach áis chócaireachta | |
| Leaba | |
| Teilifíseán | |

**4.** Cén rud nua a bheidh san Ionad Saoire i mbliana?


| | |
|---|---|
| Iascaireacht | |
| Linn Snámha | |
| Siúlóid sléibhe | |

**5.** Cén mhí a osclaíonn an tIonad Saoire seo?

| | |
|---|---|
| Aibreán | |
| Bealtaine | |
| Meán Fómhair | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# James Bond i dTrioblóid



Inné bhí an t-aisteoir cáiliúil Pierce Brosnan ag filleadh ar ais ar a bhaile dúchais, An Uaimh. Tar éis eitilt anall ó Londain bhí sé ag tiomáint trí Bhaile Átha Cliath nuair a tháinig sé trasna ar oibreacha bóthair síos an bóthar uaidh. Bhí sé gafa sa trácht ansin ar feadh cúig nóiméad.

Stop gluaisrothar in aice leis. Go tobann bhuail tiománaí an ghluaisrothair fuinneog an chairr lena dhorn. Bhris an ghloine i smidiríní. Rug tiománaí an ghluaisrothair ar mhála leathair a bhí ar an suíochán cúil. As go brách leis ansin suas an bóthar. Ach ní raibh an gadaí ag súil leis an rud a tharla ansin.

Chonaic Pól Ó Cuanaigh, tiománaí leoraí, an méid a tharla. Nuair a bhí an gluaisrothar ag dul thar an leoraí, d'oscail Pól an doras go tapaidh agus bhuail sé i gcoinne an ghluaisrothair é. Thit an mála ar an talamh ach níor stop an gluaisrothar. Léim Pól anuas den leoraí agus thug sé an mála ar ais do Phierce. Nach ar Phól a bhí an t-ionadh nuair a chonaic sé gur shábháil sé James Bond féin!

**Ceisteanna:**

**1.** Cad as don aisteoir Pierce Brosnan?

| | |
|---|---|
| as Baile Átha Cliath | |
| as An Uaimh | |
| as Luimneach | |

**2.** Cé mhéad nóiméad a bhí Pierce gafa sa trácht?

| | |
|---|---|
| 3 nóiméad | |
| 5 nóiméad | |
| 10 nóiméad | |

**3.** Cad a ghoid tiománaí an ghluaisrothair?

| | |
|---|---|
| Carr | |
| Leoraí | |
| Mála leathair | |

**4.** Cén treo a ndeachaigh an gadaí?

| | |
|---|---|
| Suas an bóthar | |
| Síos an bóthar | |
| Siar an bóthar | |


**5.** Cad a bhí á thiomáint ag Pól Ó Cuanaigh?

| | |
|---|---|
| Carr | |
| Gluaisrothar | |
| Leoraí | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Cluichí Oilimpeacha Speisialta



Tá muintir na hÉireann ullamh don ócáid spóirt is mó a tharla riamh sa tír seo… **na Cluichí Oilimpeacha Speisialta**. Bíonn na cluichí seo ar siúl an bhliain roimh na Cluichí Oilimpeacha i gcónaí. Beidh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl in Aithin na Gréige sa bhliain 2004 ach i mí an Mheithimh 2003 beidh na Cluichí Oilimpeacha Speisialta ar siúl in Éirinn.

Bhunaigh Eunice Kennedy Shriver gluaiseacht na gCluichí Oilimpeacha Speisialta tríocha bliain ó shin do dhaoine le míchumas léinn. Beidh níos mó ná seacht míle lúthchleasaí páirteach sna cluichí seo. Tá Cherie Blair agus Celia Larkin i measc na ndaoine atá ag tacú leis na cluichí. Tá an Rialtas tar éis ionad snámha oilimpeach a thógáil i mBaile Átha Cliath. Tá comhlachtaí gnó ag cur seirbhísí ar fáil saor in aisce do na cluichí seo. Tá clubanna spóirt ag tabhairt áiseanna traenála do na lúthchleasaithe.

Tá foirne ó 166 tír ag teacht go dtí na cluichí. Cuirfidh muintir na hÉireann fáilte roimh na cluichí trí lóistín a chur ar fáil saor in aisce do na lúthchleasaithe. Beidh said ag fanacht i mbailte ar fud na tíre. Beidh foireann na gCamarún ag fanacht sa Spidéal, beidh Oileáin Árann ag fáiltiú roimh fhoireann na Portaingéile agus beidh foireann ón Aifric Theas sa Daingean.

Beidh comórtais ar siúl i bhfiche spórt. Ina measc beidh snámh, lúthchleasaíocht, marcaíocht, rothaíocht, seoltóireacht, sacar agus galf. Is iontach go deo na scileanna spóirt a bhíonn ag na h-iomaitheoirí. Is cinnte go mbeidh iomaíocht ghéar sna cluichí seo. Gan dabht ní bheidh ócáid spóirt chomh mór léi seo ar siúl in áit ar bith ar domhan i mbliana.

**Ceisteanna:**

**1.** Cé a bhunaigh gluaiseacht na gCluichí Oilimpeacha Speisialta?

| | |
|---|---|
| An Rialtas | |
| Cherie Blair | |
| Eunice Kennedy Shriver | |

**2.** Cá mbeidh foireann na Portaingéile ag fanacht?

| | |
|---|---|
| An Spidéal | |
| Oileáin Árann | |
| An Daingean | |

**3.** Cé mhéad spórt a bheidh sna cluichí i mbliana?

| | |
|---|---|
| 4 spórt | |
| 20 spórt | |
| 166 spórt | |

**4.** Cé atá ag tabhairt áiseanna traenála do na lúthchleasaithe?

________________________________________

**5.** Cén áit ar thóg an Rialtas an tIonad Snámha Oilimpeach?

| | |
|---|---|
| i nGaillimh | |
| i gCorcaigh | |
| I mBaile Átha Cliath | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Corn Sam



Bhuaigh Contae Ard Mhacha cluiche ceannais na hÉireann sa pheil den chéad uair i Meán Fómhair 2002. Nuair a d'ardaigh Kieran Mc Geeney corn Sam Maguire i bPáirc An Chrócaigh ba ócáid stairiúil é gan dabht. Ba é seo an chéad uair a bheadh cónaí ar "Sam" i gcontae Ard Mhaca ar feadh bliana. Cé gur chaill foireann Chiarraí an cluiche an lá sin, rinne siad comhghairdeas croíúil leis na buaiteoirí.

Ach cérbh é Sam Maguire? Rugadh é i nDún Mánmhaí in iarthar Chorcaí sa bhliain 1879. Bhí grá mór aige don pheil Ghaelach. Cé go raibh air dul ag obair i Londain, lean sé ar aghaidh ag imirt peile ann. Bhí sé ar fhoireann Londan nuair a bhuaigh siad craobhchluiche na hÉireann i 1900. Bhuaigh siad an craobhchluiche arís i 1901 agus arís eile sa bhliain 1903. Ina dhiaidh sin d'oibrigh Sam do Chumann Lúthchleas Gael sa Bhreatain go dtí lá a bháis.

Rinneadh an corn a bhfuil ainm Sam Maguire air i mBaile Átha Cliath i 1928. Corn airgid a bhí ann agus ba iad peileadóirí Chill Dara a d'ardaigh Corn Sam den chéad uair riamh. Thaistil an corn timpeall na hÉireann agus i 1990 bhí sé in am corn nua a dhéanamh. Ach fós tá ainm Sam ar an gcorn a ardaítear tar éis craobhchluiche na hÉireann gach Meán Fómhair.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén fhoireann a bhuaigh Corn Sam Maguire sa bhliain 2002?

| | |
|---|---|
| Cill Dara | |
| Ciarraí | |
| Ard Mhacha | |

**2.** Cén áit ar rugadh Sam Maguire?

| | |
|---|---|
| Co. Chorcaí | |
| Baile Átha Cliath | |
| Londain | |

**3.** Cad as atá Corn Sam Maguire déanta?

________________________________________________

**4.** Cén bhliain a bronnadh Corn Sam Maguire i dtosach?

| | |
|---|---|
| 1903 | |
| 1928 | |
| 1990 | |

**5.** Cén mhí a imrítear Craobchluiche Peile na hÉireann?

| | |
|---|---|
| Feabhra | |
| Meitheamh | |
| Meán Fómhair | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

# An Fómhar

Na duilleoga glasa ag tréigean na gcrann,
Ag damhsa le siolla na gaoithe,
An t-iora ag cruinniú na gcnónna sa ghleann
Is á gcur i dtaisce don Gheimhreamh.



Fáinleoga ag cruinniú le chéile arís
Tá deireadh le samhradh is teas
Mheasfá go raibh siad uile ar bís
A n-aghaidh ar na tíortha ó dheas.

Titeann an oíche níos luaithe anois,
Leathann an ceo ar an tsráid,
Scoileanna ar oscailt, páistí faoi bhrón
Ag bailiú a leabhar as gach aird.

Le Máire Áine Nic Gearailt.

**Gluais:** ag tréigean = ag titim (de)

**<u>Ceisteanna</u>:**

**1.** Cad atá ag tréigean na gcrann?

| | |
|---|---|
| an t-iora | |
| na fáinleoga | |
| na duilleoga | |

**2.** Cén áit a mbíonn an t-iora ag cruinniú cnónna?

| | |
|---|---|
| sna tíortha ó dheas | |
| sa ghleann | |
| ar an tsráid | |

**3.** Cad atá á dhéanamh ag na fáinleoga? Tá siad …

| | |
|---|---|
| ag cruinniú le chéile | |
| ag damhsa | |
| ag bailiú a leabhar | |

**4.** Cad a thiteann níos luaithe anois?

______________________________________________

**5.** Cén séasúr a bhfuil deireadh leis?

| | |
|---|---|
| an Samhradh | |
| an Fómhar | |
| an Geimhreadh | |

ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA **(120 marc)**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**


**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Cén rud?
Cén áit?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?



Cé h-é an t-aoi speisialta?




Cad a tharlóidh don airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

| **FÓGRA** |
| --- |
| |

NÓ

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **CUIREADH** chuig Síle ag insint:

| | | | |
|---|---|---|---|
| - | Cad a bheidh ar siúl ? Cén áit ? Cén lá ? Cén dáta ? | } | |
| - | Cén t-am ? Cén cead isteach ? | } | Pict. 1 |
| - | Cén fáth nár chuir tú glaoch ar Shíle ? | } | Pict. 2 |
| - | Gur mhaith leat go rachadh Síle ann leat. | } | Pict. 3 |
| - | Cad a dhéanfaidh sibh ina dhiaidh sin ? | } | Pict. 4 |

**CUIREADH**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Tá tusa ag obair sa bhialann seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint :

- Faoin mbialann agus faoin áit a bhfuil an bhialann } Pict. 1
- Faoin obair a dhéanann tú } Pict. 2
- Faoi na daoine a thagann go dtí an bhialann } Pict. 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn lá saor agat } Pict. 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair in ollstór éadaigh. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais atá anseo thíos.**
**[** **Nóta:** Is tusa Áine De Brún]

## Ollstór De Róiste
## Foirm Iarratais

Ainm: *Áine De Brún* Uimhir theileafóin ………………………..……………

Seoladh: ………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………………....

Aois: …………………………………………… Dáta Breithe: ……………………………………..

Airde: …………………………………………… Meáchan: ……………………………………………

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat: ………………………………………………………………..

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin ……………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………..

An raibh tú ag obair in ollstór éadaigh cheana?…………………………………………………………….

An mbeadh tú sásta cúrsa traenála a dhéanamh?……………………………………………………………

An dtuigeann tú go mbeidh ort obair a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?…………………………………...

An bhfuil cuntas bainc agat?…………………………………………………………………………………

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat…………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………………

Cuir ciorcal timpeall ar an dáta i mí Iúil is fearr leat le haghaidh agallaimh: Iúil 7, 14, 21.

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair in ollstór éadaigh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Síniú *Áine De Brún*

Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b) **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair sa Chlub Óige Oíche Shamhna. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## SA CHLUB ÓIGE – OÍCHE SHAMHNA



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ar an trá le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in "Iris na Scoile" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| gaineamh | tonn mhór | scread | bád tarrthála |
| bád seoil | bun os cionn | ghlaoigh | shábháil |

## <u>EACHTRA A THARLA</u>